# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/1505 ÓN gCOMHAIRLE

**an 9 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Cinneadh 2012/392/CBES maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Iúil 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/392/CBES [1] lena mbunaítear misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir chun tacú le fothú acmhainneachta ghníomhaithe slándála na Nígire chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac (EUCAP Sahel Niger).

(2) An 7 Meán Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1254 [2] agus chuir sí síneadh leis an Misean go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.

(3) An 15 Meitheamh 2022, scrúdaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an tAthbhreithniú Straitéiseach ar an Misean agus chomhaontaigh sé síneadh a chur le EUCAP Sahel Niger go dtí an 30 Meán Fómhair 2024. An 28 Meitheamh 2022, agus an tAthbhreithniú Straitéiseach ar an Misean á dhúnadh, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, ina theannta sin, *inter alia*, gur cheart don Mhisean a bheith in ann faisnéis rúnaicmithe AE a mhalartú le gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais, faoi chuimsiú a shainordaithe.

(4) Ba cheart Cinneadh 2012/392/CBES a leasú dá réir.

(5) Cuirfear EUCAP Sahel Niger i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2012/392/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus cuirtear mír nua leis:

"4. Déanfaidh EUCAP Sahel Niger, i ndlúthchomhar le toscaireacht an Aontais in Niamey, straitéis cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun luachanna an Aontais a chothú agus gníomhaíocht an Aontais a chur chun sa tSaiheil, go háirithe sa Nígir.

5. Ní bheidh aon fheidhm feidhmiúcháin ag EUCAP Sahel Niger.";

(2) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Is é EUR 72 161 381,16 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUCAP Sahel Niger a chumhdach don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024.";

[1] Cinneadh 2012/392/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 48).

[2] Cinneadh (CBES) 2020/1254 ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh 2012/392/CBES maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) (IO L 294, 8.9.2020, lch. 3).

(3) cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 14:

"4. Comhoibreoidh an Ceann Misin le Misin CBSC eile, go háirithe le EUCAP Sahel Mali, lena n-áirítear an tAonad Réigiúnach um Chomhairle agus Comhordú, agus le EUBAM na Libia.";

(4) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus cuirtear mír nua leis:

"4. Údarófar don Ardionadaí faisnéis rúnaicmithe AE arna giniúint chun críocha EUCAP Sahel Niger a scaoileadh chuig gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais, go háirithe chuig Frontex agus Europol, go dtí an leibhéal ábhartha aicmiúcháin do gach ceann acu faoi seach, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Dréachtófar socruithe teicniúla chun na críche sin.

5. Féadfaidh an tArdionadaí na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 1 go mír 4, mar aon leis an gcumas na socruithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 a thabhairt i gcrích, a tharmligean chuig na daoine a chuirtear faoina údarás/húdarás, chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus/nó chuig an gCeann Misin.";

(5) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Beidh feidhm aige go dtí an 30 Meán Fómhair 2024.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. SÍKELA